# Árachas
# Árachas Giuirléide

Fuair tú ríomhphost ó Cháit ag fiosrú ar cheart di árachas giuirléide a fháil le haghaidh ríomhaire glúine atá ceannaithe aici.

Léigh an ríomhphost (thíos):

Ag obair le chéile, scríobh ríomhphost ar ais chuig Cáit le comhairle faoin gcinneadh is fearr, dar leat. Is é sin ar cheart nó nár cheart di árachas a fháil?

Cáit <Cait112@gmail.com>

15.39 (3 uair ó shin)

Haigh, Cáit is ainm dom.

Thosaigh mo mhac, Eric, sa choláiste i mbliana ach tá sé fós ina chónaí sa bhaile. Táimid chun ríomhaire glúine a cheannach dó don Nollaig. Rinneamar neart taighde agus tá ceann deas roghnaithe againn a chosnóidh cúpla céad euro.

Beidh air é a thógáil go dtí an coláiste leis. Mar sin, táim ag fiosrú ar cheart dom árachas giuirléide a fháil ar eagla go mbrisfeadh sé nó ar eagla go ngoidfeadh duine éigin é. Cad a cheapann tú?

Míle buíochas,

Cáit

**Cáit**

Seol